**Breithiúnas na Cúirte (an Ceathrú Dlísheomra) an 16 Meitheamh 2022 – SGL Carbon SE (C-65/21 P), Química del Nalón SA, ar a dtugtaí Industrial Química del Nalón SA (C-73/21 P), Deza a.s. (C-74/21 P), Bilbaína de Alquitranes SA, C-75/21 P) v an Coimisiún Eorpach, Ríocht na Spáinne, an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA)**

**(Cásanna uamtha C-65/21 P agus C-73/21 P go C-75/21 P)** ([1])

***(Achomhairc – Comhshaol – Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 – Aicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán – Rialachán (AE) Uimh 944/2013 – Aicmiú pice ó tharra guail ardteochta mar shubstaint thocsaineach uisceach de chuid chatagóir 1 (H400) agus mar shubstaint thocsaineach ainsealach uisceach de chuid chatagóir 1 (H410) – Neamhniú – Caingne le haghaidh damáistí)***

(2022/C 303/08)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Achomharcóirí:* SGL Carbon SE (C-65/21 P), Química del Nalón SA, ar a dtugtaí Industrial Química del Nalón SA (C-73/21 P), Deza a.s. (C-74/21 P), Bilbaína de Alquitranes SA (C-75/21 P) (ionadaithe: M. Grunchard, P. Sellar agus K. Van Maldegem, Dlíodóirí)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: A. Dawes, R. Lindenthal agus K. Talabér-Ritz, Gníomhairí), Ríocht na Spáinne (ionadaithe: L. Aguilera Ruiz agus M. J. Ruiz Sánchez, Gníomhairí), an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) (ionadaithe: W. Broere, M. Heikkilä agus S. Mahoney, Gníomhairí)

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear do na hachomhairc.

2) Ordaítear do SGL Carbon SE, Química del Nalón SA, Deza a.s. Bilbaína de Alquitranes SA a gcostais féin, agus na costais a thabhaigh an Coimisiúin Eorpach, a íoc.

3) Ordaítear do Ríocht na Spáinne agus don Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) a gcostais féin a íoc.

([1]) IO C 128, 12.04.2021

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Cúigiú Dlísheomra) an 16 Meitheamh 2022 (iarraidh ar réamhrialú ó Cour d'appel de Bruxelles – an Bheilg) – Port de Bruxelles, Région de Bruxelles-Capitale v Infrabel SA**

**(Cás C-229/21)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Gréasán Tras-Eorpach Iompair – Rialacháin (AE) Uimh. 1315/2013 – Airteagal 15(1) – Bonneagar iompair na n-uiscebhealaí intíre – Calafoirt intíre – Oibleagáid Ballstáit chun na calafoirt intíre a nascadh le bonneagar iompair de bhóthar nó d'iarnród – Deireadh a chur leis an nasc le ceachtar den dá chineál bonneagair iompair seo – Coinníollacha)***

(2022/C 303/09)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Cour d'appel de Bruxelles

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* Port de Bruxelles, Région de Bruxelles-Capitale

*Cosantóir:* Infrabel SA